AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.2.2015
COM(2015) 45 final

2015/0028 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 maidir le trádáil i dtáirgí róin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá toirmeasc ginearálta ar tháirgí róin a chur ar an margadh an Aontais leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le trádáil i dtáirgí róin ("an bun-Rialachán"). Tá eisceacht ón toirmeasc ginearálta sa bhun-Rialachán i gcás táirgí róin a thagann ón bhfiach a dhéanann na hIonúitigh agus pobail dhúchasacha eile go traidisiúnta chun cuidiú riar ar a riachtanais chothaithe ("eisceacht na bpobal dúchasach"). Tá eisceachtaí ann freisin maidir le hallmhairiú táirgí róin a thagann ó rónta a ndearnadh fiach orthu chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní muirí, agus chuige sin amháin, ar bhonn neamhbhrabúis agus ní chun críocha tráchtála ("eisceacht an bhainistithe acmhainní muirí") agus maidir le hallmhairithe ócáideacha nach bhfuil iontu ach earraí d'úsaid phearsanta eisiach taistealaithe nó a dteaghlaigh. Tá rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an bhun-Rialacháin leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 737/2010 an 10 Lúnasa 2010 ("an Rialachán cur chun feidhme").

Chuir Ceanada agus an Iorua i gcoinne an dá ionstraim sin ("réimeas an Aontais Eorpaigh um rónta") os comhair na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) sa díospóid *Bearta CE lena dtoirmeasctar allmhairiú agus margú táirgí róin* (DS400 agus DS401). An 18 Meitheamh 2014, ghlac Comhlacht um Réiteach Díospóide EDT tuarascálacha an phainéil agus an Chomhlachta Achomhairc. Cé gurbh í conclúid thuarascálacha EDT go bhfuil údar maith, i bprionsabal, leis an toirmeasc ar tháirgí róin mar gheall ar imní mhorálta maidir le leas rónta, níor ghlac siad leis an dá eisceacht, mar atá eisceacht na bpobal dúchasach agus eisceacht an bhainistithe acmhainní muirí. Cinneadh nach raibh údar maith le heisceacht an bhainistithe acmhainní muirí toisc gur measadh nár leor chun an dealú a chosaint an difear a d'fhéadfadh bheith idir gnéithe tráchtála an fhiaigh thráchtála agus an fhiaigh chun acmhainní muirí a bhainistiú (scála beag, críoch neamhbhrabúis). Maidir le heisceacht na bpobal dúchasach, cé gur dealú dlisteanach i bprionsabal é, rialaigh an Comhlacht Achomhairc gurbh idirdhealú treallach gan údar a bhí i roinnt dá eilimintí.

An 10 Iúil 2014, thug an tAontas Eorpach fógra don Chomhlacht um Réiteach Díospóide inar thug sé le fios go bhfuil rún aige moltaí agus rialuithe an Chomhlachta um Réiteach Díospóide sa díospóid seo a chur chun feidhme ar shlí a n-urramaíonn a chuid oibleagáidí san Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

An 5 Meán Fómhair 2014, d'aontaigh an tAontas Eorpach, Ceanada agus an Iorua gur réasúnta tréimhse 16 mhí chun moltaí agus rialuithe an Chomhlachta um Réiteach Díospóide a chur chun feidhme. Dá réir sin, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse réasúnta sin an 18 Deireadh Fómhair 2015.

Is é cuspóir an togra reachtaigh seo moltaí agus rialuithe an Chomhlachta um Réiteach Díospóide a chur chun feidhme maidir leis an mbun-Rialachán. Is leis a chruthaítear an bunús dlí freisin chun Rialachán (AE) Uimh. 737/2010 a oiriúnú chun na rialuithe thuasluaite a chomhlíonadh. Cuirfear leigheas ar an imní i dtaobh eisceacht an bhainistithe ar acmhainní muirí tríd an eisceacht sin a bhaint den bhun-Rialachán. Cuirfear leigheas ar an imní i dtaobh cheapadh agus chur i bhfeidhm eisceacht na bpobal dúchasach tríd an eisceacht sin a athrú, go háirithe trí nasc a dhéanamh idir úsáid na heisceachta sin agus foráil a dhéanamh maidir le teorainn a chur leis an líon táirgí róin is féidir a chur ar an margadh má léiríonn scála an fhiaigh nó imthosca eile gur fiach é a bhfuil críocha tráchtála mar bhunchuspóir leis. Ina theannta sin, tá saineolaithe ón gCoimisiún ag obair le saineolaithe ó Cheanada chun an córas fianaithe is gá a chur ar bun chun ligean d'Ionúitigh Cheanada leas a bhaint as eisceacht na bpobal dúchasach faoi réimeas rónta an Aontais.

Ina theannta sin, is gá an tionscnamh seo a úsáid chun an tagairt don nós imeachta rialála lena ngabhann grinnscrúdú i Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 a ailíniú le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise an achair ghairid atá ann le cloí le rialuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála agus ionas go mbeidh an reachtóir in ann an togra a ghlacadh gan rómhoill, chuimsigh an Coimisiún sa togra seo, go heisceachtúil, leasú de chuid na Parlaiminte a moladh i gcomhthéacs an togra COM (2013)451 (clúdaíodh sa togra sin ailíniú Rialachán Uimh. 1007/2009 freisin) i ndáil le fad an tarmligin.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair ós rud é nach tionscnamh nua beartais an gníomh seo ach gur riachtanas é chun reachtaíocht an Aontais a oiriúnú chun rialuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála a chomhlíonadh agus ar an dóigh sin a áirithiú go bhfuil an tAontas ag comhlíonadh a oibleagáidí idirnáisiúnta. Rinneadh measúnú tionchair sular glacadh an bun-Rialachán in 2009, agus ní raibh call le measúnú tionchair nua de thoradh na n-athruithe teoranta a thabharfaidh an togra seo isteach.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- Bunús dlí

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo. Ba é an tAirteagal céanna bunús dlí an bhun-Rialacháin atá an togra seo a leasú. De réir Airteagal 114 de CFAE, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na bearta maidir le comhfhogasú na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin sna Ballstáit atá ceaptha an margadh inmheánach a bhunú agus a oibriú. Glacadh an bun-Rialachán chun deireadh a chur le constaicí ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a bhí ann de thoradh difríochtaí idir na bearta náisiúnta lena rialáiltí trádáil táirgí róin.

- Prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta

Níl ach bealach amháin ann chun an bun-Rialachán a oiriúnú chun na moltaí agus na rialuithe a ghlac Comhlacht um Réiteach Díospóide na hEagraíochta Domhanda Trádála a bhaint amach, is é sin an bun-Rialachán a athrú i ndáil leis na nithe ar cuireadh ina gcoinne. Ní bhaineann an togra seo ach leis an méid is gá a dhéanamh chun na bearta ar cuireadh ina gcoinne a oiriúnú chun moltaí agus rialuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála a chomhlíonadh.

- Rogha ionstraimí

An ionstraim atá beartaithe: Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Níor leor ionstraim eile ós rud é nach féidir rialachán a leasú ach le rialachán eile.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon impleachtaí ag an togra seo ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

Neamhbhainteach

2015/0028 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 maidir le trádáil i dtáirgí róin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Glacadh Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] chun deireadh a chur le constaicí ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a bhí ann de thoradh difríochtaí idir na bearta náisiúnta lena rialáiltí trádáil táirgí róin. Glacadh na bearta sin de dhroim imní mhorálta an phobail i dtaobh na ngnéithe de mharú rónta a mbaineann leas ainmhithe leo agus i dtaobh na féidearthachta go raibh táirgí ar an margadh a fuarthas ó ainmhithe a maraíodh ar shlí ar cúis le barraíocht péine, anacra, eagla nó cineálacha eile fulaingthe í. Ag teacht leis an imní sin, bhí fianaise eolaíoch a léirigh nach bhféadfaí modh maraithe a bheadh daonnúil i bhfírinne a chur i bhfeidhm ná a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach ná go héifeachtach sna dálaí sainiúla ina ndéantar rónta a fhiach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009, mar riail ghinearálta, toirmeasc ar tháirgí róin a chur ar an margadh.

(2) San am céanna, dlúthchuid de chultúr agus d'fhéiniúlacht na nIonúiteach agus pobal dúchasach eile is ea fiach rónta agus cuidíonn sé go mór leo iad féin a chothú. Dá bharr sin, níl an imní mhorálta chéanna ar an bpobal i dtaobh fiach rónta traidisiúnta

[1] IO C […], […], lch. […].

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le trádáil i dtáirgí róin (IO L 286, 31.10.2009, lch. 36).

na nIonúiteach agus pobal dúchasach eile agus atá i dtaobh fiach a bhfuil críocha tráchtála mar bhunchuspóir leis. Thairis sin, admhaítear go forleathan nár cheart díobháil a dhéanamh do leasanna bunúsacha agus sóisialta na nIonúiteach agus pobal dúchasach eile, i gcomhréir le Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile. Dá bharr sin, mar eisceacht, ceadaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 táirgí róin a chur ar an margadh a thagann ón bhfiach a dhéanann na pobail Ionúiteacha agus pobail dhúchasacha eile go traidisiúnta agus a chuidíonn leo iad féin a chothú;

(3) Mar an gcéanna leis an bhfiach rónta de shaghas eile, ní fhéadfaí modh maraithe a bheadh daonnúil i bhfírinne a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ná go héifeachtach san fhiach a dhéanann na hIontúitigh agus pobail dhúchasacha eile. Mar sin féin, i bhfianaise an chuspóra atá le Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009, maidir le táirgí a thagann ón bhfiach a dhéanann na pobail Ionúiteacha agus pobail dhúchasacha eile a chur ar mhargadh an Aontais, is iomchuí é a bheith faoi choinníoll an fiach sin a bheith déanta ar shlí a laghdaíonn a oiread is féidir pian, anacair, eagla agus cineálacha eile fulaingthe a bhraitheann na hainmhithe a ndéantar fiach orthu, agus modh maireachtála traidisiúnta agus riachtanais chothaithe na nIonúiteach agus pobal dúchasacha eile á gcur san áireamh. Ba cheart an eisceacht atá déanta de tháirgí róin a thagann ó fhiach a dhéanann na hIonúitigh agus pobail dhúchasacha eile a bheith teoranta d'fhiach a chuidíonn leis na pobail sin riar ar a riachtanais chothaithe agus nach bhfuil, dá réir sin, críocha tráchtála mar bhunchuspóir leo. Dá bhrí sin, ba cheart é a chur ar chumas an Choimisiúin teorainn a chur, más gá, leis an méid táirgí róin a chuirtear ar an margadh de réir na heisceachta sin chun cosc a chur ar úsáid na heisceachta i gcás táirgí a thagann ó fhiach a bhfuil críocha tráchtála mar bhunchuspóir leis.

(4) Ceadaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 freisin, mar eisceacht, táirgí róin a chur ar an margadh a thagann ó fhiach a dhéantar chun críche bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní muirí agus chun na críche sin amháin. Cé go n-admhaítear an tábhacht atá le fiach chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní muirí, go praiticiúil, is féidir é a bheith deacair dealú a dhéanamh idir an fiach sin agus an fiach mór a bhfuil críocha tráchtála mar bhunchuspóir leis. D'fhéadfaí idirdhealú nach mbeadh údar leis a dhéanamh ar na táirgí róin lena mbaineann dá thoradh sin. Dá bhrí sin, níor cheart foráil a dhéanamh a thuilleadh maidir leis an eisceacht sin. Tá sé sin gan dochar do cheart na mBallstát leanúint de rialáil a dhéanamh ar fhiach a dhéantar chun bainistiú a dhéanamh ar acmhainní muirí.

(5) Chun foráil a dhéanamh maidir le rialacha mionsonraithe i ndáil le táirgí róin a chur ar an margadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"Airteagal 3

Coinníollacha maidir le cur ar an margadh

1. Ní cheadófar táirgí róin a chur ar an margadh ach amháin i gcás ina dtagann na táirgí róin ón bhfiach a dhéanann na hIonúitigh agus pobail dhúchasacha eile ar chuntar go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) cuid de thraidisiún an phobail is ea an fiach;

(b) cuidíonn an fiach leis an bpobal é féin a chothú agus níl críocha tráchtála mar bhunchuspóir leis;

(c) déantar an fiach ar bhealach a laghdaíonn pian, anacair, eagla nó cineálacha eile fulaingthe a bhraitheann na hainmhithe atá á bhfiach an oiread is féidir agus modh maireachtála traidisiúnta agus riachtanais chothaithe an phobail á gcur san áireamh.

Beidh na coinníollacha sin infheidhme tráth an allmhairithe nó ag pointe an allmhairithe do tháirgí allmhairithe.

2. Ceadófar allmhairiú táirgí róin i gcás ina bhfuil sé de chineál ócáideach, agus nuair is éard atá ann earraí d’úsáid phearsanta taistealaithe nó a dteaghlaigh, agus é

sin amháin. Ní bheidh cineál ná cainníocht na n-earraí sin amhlaidh go dtuigfí leis go bhfuil siad á n-allmhairiú ar chúiseanna tráchtála;

3. Ní dhéanfaidh cur i bhfeidhm mhír 1 agus mhír 2 an bonn a bhaint ó ghnóthú chuspóir an Rialacháin seo.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le táirgí róin a chur ar an margadh i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2.

5. Más amhlaidh go léiríonn an líon rónta a ndearnadh fiach orthu, an líon táirgí róin atá á gcur ar an margadh de bhun mhír 1 nó imthosca eile go bhfuil críocha tráchtála mar bhunchuspóir le fiach, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 chun teorainn a chur leis an líon táirgí a thagann ón bhfiach sin is féidir a chur ar an margadh.

6. Eiseoidh an Coimisiún nótaí teicniúla treorach ina leagtar amach liosta táscach maidir le cóid na hAinmníochta Comhcheangailte a d'fhéadfadh táirgí róin atá faoi réir an Rialacháin seo a chumhdach."

(2) Cuirtear isteach Airteagal 4a mar a leanas:

*"Airteagal 4a*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana ón [*cuir isteach an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle."

(3) Scriostar Airteagal 5.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |